II

*(Faisnéis)*

## DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA

# AN CHOMHAIRLE

**Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cláir shonracha a atreisiú agus bunghníomhartha a oiriúnú**

(2020/C 444 I/01)

Gan dochar do chumhachtaí an údaráis reachtaigh agus bhuiséadaigh, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún na himchlúdaigh airgeadais sna bunghníomhartha nó clárú airgeadais na gclár sin a shainaithníonn Parlaimint na hEorpa a mhéadú le EUR 2,5 billiún i bpraghsanna 2018, de réir mar is iomchuí. Bainfear an méid sin amach trí laghdú comhfhreagrach a dhéanamh ar na corrlaigh atá ar fáil faoi huasteorainneacha CAI, gan dochar don úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an ionstraim sholúbthachta in 2021.

Gan dochar do chumhachtaí reachtacha na n-institiúidí, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go gcuirfear i mbungníomhartha na gclár a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CAI foráil maidir le méadú na n-imchlúdach airgeadais de réir na méideanna a shonraítear inti. I gcás na gclár lena mbunaítear ráthaíochtaí buiséadacha, léireofar an méid breise i leibhéal breise na ráthaíochtaí arna soláthar.